

## Ábhar

## Difríochtaí cultúrtha idir mic léinn

### Téacs Éisteachta

Siobhán Ní Chonchúir ag cur síos ar na difríochtaí cultúrtha a thugann sí faoi deara idir mic léinn in Dubai agus mic léinn Mheiriceánacha.

### Forbairt Bhreise

Sliocht as alt faoi nósanna airgid i Ruanda: Ruairí Ó hEithir (*Comhar: Samhain 2009*).

Le caoinchead ó *Comhar* agus ón údar.

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfá a bhunú ar théacsanna éagsúla d'fhonn na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin**.



# Mic Léinn in Dubai

## Réamhobair

Beidh tú ag éisteacht le Siobhán Ní Chonchúir ag trácht ar na difríochtaí cultúrtha idir mic léinn in Dubai agus mic léinn Mheiriceánacha. Sula n-éistfidh tú leis an mír, déan an réamhobair seo.

### Plé

- Cad é an tábhacht a bhaineann le ‘cultúr’ a bheith ag tír, réigiún nó pobal ar leith?

### Tascanna

- Sa mhír seo tráchtann Siobhán Ní Chonchúir ar na difríochtaí cultúrtha idir mic léinn in Dubai agus mic léinn Mheiriceánacha. Déan féin agus do pháirtí plé ar na téarmaí ‘cultúr’ agus ‘difríochtaí cultúrtha’. Scríobhaigí sainmhíniú ar an bhfocal ‘cultúr’.
- Cén sainmhíniú a bheadh agat ar an téarma ‘cultúr na n-óg’? An bhfuil a leithéid de rud ann agus ‘cultúr mac léinn’? Má tá, déan féin agus do pháirtí cur síos orthu agus scríobhaigí sainmhíniú ar cheann díobh: ‘cultúr na n-óg’ nó ‘cultúr mac léinn’.

## Éisteacht

Anois éist leis an mír agus freagair na ceisteanna seo:

- Luann Siobhán trí phointe maidir le difríochtaí cultúrtha. Cad iad?
- Cén chanúint atá ag Siobhán? Cad a thugann an chanúint le fios duit?
- An raibh aon deacrachtaí tuisceana agat leis an mír seo? Má bhí, déan cur síos orthu.

## Feasacht Teanga

1. ‘...mic léinn Mheiriceánacha...’  
Cén fáth a bhfuil séimhiú ar an aidiacht thuas? Mínigh agus bain amach na lúbíní thíos.

tionscadail (deacair)  
aistí (casta)  
ceantair (bocht)  
leathanaigh (fada)  
fíir (dathúil)

cailíní (dathúil)

2. ‘...na héadaí a bhíonn á gcaitheamh...’  
Cén struchtúr teanga atá i gceist thuas? Pléigh agus ansin cuir na focail ‘léine’ agus ‘hata’ in áit ‘éadaí’.

Bain triail as na cinn seo:

na haistí atá á (déanamh)  
an aiste atá á (déanamh)  
an tionscadal atá á (déanamh)  
an t-óstán atá á (oscailt)  
an fhuinneog atá á (oscailt)  
na hóstáin atá á (oscailt)

3. ‘...mí an Mheithimh...’

Cuir an struchtúr thuas i bhfeidhm ar mhíonna eile na bliana.

4. An ionann na focail seo a leanas? Má tá difríocht ann, déan cur síos uirthi.

éide	éadaí
scoláire	mac léinn
pósadh	bainis
geallta	gafa

5. Féach ar na focail i gcló dubh sa sliocht thíos as an téipscript. An bhfuil a fhios agat cén téarma gramadaí atá i gceist le gach focal? Mura bhfuil, cá bhfaighfeá an t-eolas?

‘...Rud eile atá ana-dhifriúil is dócha, ná go bpósann siad ana-óg. Tá **scoláirí** ar m’aithne atá **geallta** agus gan iad ach ocht mbliana déag d’aois. Cleamhnais **is mó** a bhíonn i gceist, cé go bhfuil saoirse **áirithe** acu a bpáirtithe féin a roghnú i gcomparáid le tíortha **Arabacha** eile. Tá leaid ar m’aithne anois agus beidh sé **ag pósadh** i mí an Mheithimh, agus a chol ceathrar a bheidh sé ag pósadh, agus **níor bhuail** sé léi ó bhíodar ina leanaí beaga *so* níl aon aithne faoin spéir aige **uirthi**, agus gan dabht tá sé aneirbhíseach mar gheall air...’

6. ‘...cé go bhfuil saoirse áirithe acu a bpáirtithe féin a roghnú...’

Cad iad na bríonna atá ag an bhfocal ‘páirtí’? Cad iad na samplaí thíos atá ceart ó thaobh úsáide de?

Tacaíonn mo mhuintir go mór le Páirtí an Lucht Oibre.  
Beidh Áine 21 bliain d’aois oíche Dé hAoine agus beidh páirtí mór aici.  
Tá Diarmaid agus a pháirtí Siobhán geallta ó oíche Dé Sathairn.

7. Seo thíos frásaí as an téipscript agus cinn eile atá cosúil leo ó chanúintí eile. An féidir leat a rá cén chanúint atá i gceist i ngach cás?

in aon chor	ar chor ar bith
ana-dheacair	iontach deacair
an mó duine a thiocfaidh	cé mhéad duine a thiocfaidh

Seo cinn eile nach as an téipscript iad ach atá comóna:

cad ina thaobh?	cén fáth?	cad chuige?
ar aon nós	ar scor ar bith	
fé ndeara	faoi deara	
an bhfeadaraís?	an bhfuil a fhios agat?	

8. Seo thíos frásaí as an téipscript agus cinn eile atá cosúil leo ó thaobh fuaimnithe nó litrithe de. Cuir in abairtí iad a léireodh a mbri.

éigin	ar éigean		
a eagrú	a chur in eagar		
saoirse	saor		
ag iarraidh	ar iarraidh		
áirithe	in áirithint	ach go háirithe	go háirithe

## Iarobair

### Plé

- ‘...na mic léinn Mheiriceánacha, is féidir brath orthu céad faoin gcéad – aon rud in aon chor a iarrann tú orthu, mar shampla, a bheith in áit éigin ar a haon a chlog, beidh siad ann ar a haon a chlog agus beidh sé sin cinnte...’

An bhfuil sé seo fíor faoi mhic léinn Éireannacha, dar leat?

- Déanann Siobhán cur síos ar nósanna maidir le héadaí san Ollscoil in Dubai. An bhfuil nósanna ar leith i measc na mac léinn sa choláiste seo?
- Samhlaigh dá mbeadh mic léinn ó Dubai ar cuairt i do choláiste féin. Cad iad na rudaí a thabharfaidís faoi deara, dar leat?
- Luann Siobhán smideadh ar na fir san Ollscoil. An bhfuil an nós sin ag éirí níos coitianta in Éirinn, dar leat? An ceart cosc a bheith ar smideadh i scoileanna, mar a bhíonn go minic?
- Pléigh na ráitis seo a leanas le do ghrúpa:

Níl a leithéid de rud ann agus cultúr ‘Éireannach’.

Tá ollchultúr Mheiriceá i réim sa tír seo.  
Is beag cur amach atá ag Éireannaigh ar chultúir an domhain.

## Tascanna

- Déan cur síos ar mhic léinn Éireannacha faoi na ceannteidil seo a leanas agus forbair do chuid pointí i bhfoirm scríofa i gcás ceann amháin.

poncúlacht  
éadaí  
caidrimh shóisialta

- Tá tú ag obair in Oifig Idirnáisiúnta an choláiste. Caithfidh tú píosa a scríobh do mhic léinn eachtrannacha atá ag teacht go dtí an coláiste seo faoi na rudaí ar cheart dóibh a bheith ag súil leo. Scríobh féin agus do pháirtí iontráil a bheadh oiriúnach.
- Déan liosta de dhreamanna ar leith sa tír seo a gceapann tú a bhfuil ‘cultúr’ ar leith acu. Pléigh do liosta le do pháirtí. Ansin bí ag obair i ngrúpa de thriúr – caithfidh gach duine agaibh ceann de na dreamanna atá ar bhur liosta a roghnú agus cur síos a dhéanamh do na mic léinn eile sa ghrúpa ar cén fáth a gceapann sibh a bhfuil cultúr faoi leith ag an dream sin.
- Anois beidh tú ag léamh sleachta a scríobh Ruairí Ó hEithir faoi cheann de na difríochtaí cultúrtha a thugann sé faoi deara idir muintir Ruanda agus muintir na hÉireann. Baineann an difríocht a dtráchtann sé uirthi le dearcadh mhuintir Ruanda ar chúrsaí airgid.
  - Sula léifidh tú an sliocht, déan féin agus an duine in aice leat plé ar dhearcadh (i) mhuintir na hÉireann; (ii) mhic léinn na hÉireann faoi chúrsaí airgid.
  - Scríobhaigí alt gearr a chuirfeadh síos ar dhearcadh mhic léinn na hÉireann i leith cúrsaí airgid / flaithiúlachta / roinnt.
  - Pléigh na ráitis seo:

Tá mic léinn sprionlaithe mar phobal daoine.  
Ní maith an rud é airgead a thabhairt ar iasacht do chara.  
Ní fiú a bheith ag sábháil airgid – ba cheart taitneamh a bhaint as gach pingin a chaitheamh.  
Dá mbuafainn an crannchur ní inseoinn do dhuine ar bith é.  
Is é an t-airgead an rud is tábhachtaí i bpost ar bith.
  - ‘...mar sin, ceannaíonn tú dóthain don lá sin amháin, nó b’fhéidir don lá dár gcionn...’

An gceannaíonn tusa bia ó lá go lá nó an ndéanann tú do chuid béilí a phleanáil?

- ‘...an té ar thug tú dó nó di é...’

Cén struchtúr atá i gceist san abairt thuas? Pléigh agus déan na samplaí seo:

the person to whom I gave the money  
the person who gave the money to me  
the woman whose son went to China  
the woman who went to China  
the students who had problems with their projects  
the students who were doing projects  
the man who I spoke to  
the man who spoke  
the girl I like  
the girl whose friend I like  
the girl who got the A  
the girl whose friend got the A

## Téipscript

*Cad iad na mórdhifríochtaí cultúrtha a thugann tú faoi deara idir na mic léinn thall in Dubai agus na mic léinn Mheiriceánacha go raibh taithí agat orthu roimhe seo?*

Bhuel, na mic léinn Mheiriceánacha, is féidir brath orthu céad faoin gcéad – aon rud in aon chor a iarrann tú orthu, mar shampla, a bheith in áit éigin ar a haon a chlog, beidh siad ann ar a haon a chlog agus beidh sé sin cinnte. Má bhíonn tú ag iarraidh rud éigin a eagrú in Dubai bíonn sé i bhfad níos deacra, mar is é an freagra a thabharfaidh gach aon scoláire ort ná *Inshallah*, agus ciallaíonn sé sin ‘le cúnamh Dé’ nó ‘le toil Dé’. *So* bíonn sé ana-dheacair ’fhios a bheith agat an mó duine a thiocfaidh go dtí rud – ní maith leo diúltú duit. Dá bhrí sin deir siad i gcónaí *Inshallah*.

Rud eile, is dócha, a thugaim faoi deara ná na héadaí a bhíonn á gcaitheamh ag na scoláirí – éide thraidisiúnta a bhíonn ar na fir ar fad sa choláiste – éadaí bána, gléigeala, síos go talamh. Bíonn siad nite, scriosta, iarnáilte, bíonn siad chomh glan, chomh hálainn – ní hé an *shabby chic* a thaitníonn leo. Bíonn siad i gcónaí ag féachaint go hiontach. Ní rud ró-neamhghnách é ach oiread smideadh súl a bheith á chaitheamh acu. Is é sin an *kohl* a bheith timpeall ar na súile d’ócáidí sóisialta – *so* bíonn sé sin ana-dhifriúil ar fad ar fad.

Rud eile atá ana-dhifriúil is dócha, ná go bpósann siad ana-óg. Tá scoláirí ar m’aithne atá geallta agus gan iad ach ocht mbliana déag d’aois. Cleamhnais is mó a bhíonn i gceist, cé go bhfuil saoirse áirithe acu a bpáirtithe féin a roghnú i gcomparáid le tíortha Arabacha eile. Tá leaid ar m’aithne anois agus beidh sé ag pósadh i mí an Mheithimh, agus a chol ceathrar a bheidh sé ag pósadh, agus níor bhuaíl sé léi ó bhíodar ina leanaí beaga *so* níl aon aithne faoin spéir aige uirthi, agus gan dabht tá sé ana-neirbhíseach mar gheall air.



## Téacs

Uaireanta cuireann sé iontas orm anseo i Ruanda nach bhfuil an saol níos difriúla ón mbaile ná mar atá sé ach tá a lán rudaí anseo atá an-difriúil go deo. Rud mór amháin a bhfuilim ag iarraidh dul i dtaithí air anseo ná an dearcadh i leith rudaí a roinnt, go háirithe airgead. Tá muintir Ruanda an-fhlaithiúil le sealbhas agus airgead ach ní roinnfidh siad eolas leat mura gcuirtear iachall orthu. Feiceann siad muintir an iarthair mar a mhalairt – táimid i gcónaí réidh le heolas is scileanna is a leithéidí a roinnt ach coinnímid ár gcuid airgid is sealbhachas pearsanta chugainn féin.

Anseo má iarrann duine éigin rud éigin uait, is beag nach go gcaithfidh tú é a thabhairt dóibh. Tá an cinneadh déanta acusan go bhfuil an gá atá acu le cibé rud atá i gceist níos mó ná an gá atá agatsa é a choinneáil. Ar ndóigh, tuigtear (go pointe áirithe) nach bhfeidhmíonn daoine cosúil liomsa ar an mbonn céanna ach tarlaíonn sé dúinn ar fad anseo ó am go ham go n-iarrtar orainn – go díreach nó go hindíreach – airgead nó éadaí nó leabhair nó rud éigin mar sin a thabhairt. Ciallaíonn sé, freisin, nach bhfuil a leithéid de rud ann i ndáiríre agus airgead a thabhairt ar iasacht. Má dhéanann tú sin, is faoin duine a fuair an t-airgead atá sé an cinneadh a dhéanamh cathain é a thabhairt ar ais. Déanfar sin nuair atá an gá atá agatsa leis an airgead níos láidre ná gá an té ar thug tú dó nó di é.

Míníonn sé seo rud amháin a chuir iontas orm nuair a chonaic mé é an chéad uair. Lá amháin nuair a bhí mé ag an margadh chonaic mé daoine ag ceannach ríse. Sé chéad franc a bhí ar mhála beag 500kg, trí mhíle franc ar cheann 5kg ach b'iad na málaí beaga amháin a bhí á gceannach ag daoine, cé gur léir ón airgead a tharraing siad amach go raibh dóthain acu ceann mór a cheannach agus airgead a shábháil.

Ach dá ndéanfaidís amhlaidh, d'fhéadfadh duine ar bith (go háirithe duine dá gclann) teacht chucu agus cuid den rís 'bhreise' seo a iarraidh orthu, ar an mbonn go raibh níos mó acu ag an bpointe áirithe sin má mar a bhí ag teastáil. Mar sin, ceannaíonn tú dóthain don lá sin amháin, nó b'fhéidir don lá dár gcionn.

Baineann an rud céanna le hairgead a shábháil. Bheadh sé gan chiall ar fad airgead a shábháil go rialta nuair a d'fhéadfadh duine ar bith sa chlann teacht agus é a iarraidh le haghaidh táillí scoile, chun íoc as bainis, fiacha a ghlanadh nó iliomad rudaí eile. Agus má tharlaíonn sé go bhfaigheann tú suim mhór airgid ar chúis éigin, caithfidh tú é a chaitheamh go tapa sula gcloiseann daoine faoi, fiú más ar rud éigin áiféiseach atá sé. Ar a laghad is agat féin a bheidh an rud seachas ag duine eile.

As *Comhar*, Samhain 2009.

Le caoinchead ó *Comhar*.